



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2011

MATAMAITIC – ARDLEIBHÉAL

PÁIPÉAR 2 (300 marc)

DÉ LUAIN, 13 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 12.00

Freagair **GACH** ceist.


Gabhann 50 marc le gach ceist.

Féadfar grafpháipéar a fháil ón bhfeitheoir.

Cuireann an tsiombail in iúl go gcaithfear obair thacaíochta a thaispeáint
chun lánmharcanna a ghnóthú.

1. (a) Sa léaráid taispeántar dhá roth ulóige den mhéid chéanna agus iad ceangailte le crios tiomána.

Is é ga gach rotha díobh ná 7 cm agus an fad idir na lárphointí ná 28 cm.



Ríomh an fad atá sa chrios.

Bíodh do fhreagra ceart go dtí an tslánuimhir is gaire.

- (b) Sa léaráid taispeántar sorcóir soladach de thrastomhas 54 cm agus d'airde 70 cm.

Gearrtar cón, den trastomhas céanna agus den airde chéanna leis an sorcóir, as an taobh istigh den sorcóir.

(i)

Ríomh toirt an tsorcóra.

Tabhair do fhreagra i dtéarmaí π .


(ii)

Ríomh toirt an chóin.

Tabhair do fhreagra i dtéarmaí π .

(iii)

Cén codán den sorcóir atá fágtha nuair a ghearrtar amach an cón?



- (c) Sa léaráid léirítear an limistéar do chaitheamh an mheáchain i staid lúthchleasaíochta.

Níl an léaráid de réir scála.


Is é achar CDE ná ceathrú d'achar diosca a bhfuil a lárphointe ag C agus a bhfuil ga 100 m aige.

(i)

Ríomh achar CDE , ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.

Sa limistéar do chaitheamh an mheáchain tá limistéar caithimh agus limistéar turirlingthe.

Tá limistéar an chaithimh (scáthaithe) ina dhiosca a bhfuil a lárphointe ag C agus a bhfuil ga 1 m aige.



(ii)

Ríomh an t-achar atá i limistéar an chaithimh, ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.

Is é an limistéar gan scáth $ABDE$ an limistéar turirlingthe, agus is cuid de CDE é.

(iii)

Ríomh an t-achar iomlán atá sa limistéar do chaitheamh an mheáchain, ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.

- 2.** (a) Is dhá phointe iad $X(-3, 1)$ agus $Y(4, -2)$.

Faigh fad na mírlíne $[XY]$.

Tabhair do fhreagra i bhfoirm surda.

- (b) Sa léaráid taispeántar binn tí.


Is é an airde iomlán ná 7 m.

Is é an airde go dtí leibhéal an dín ná 4 m,
i.e. $|AE| = 4$ m.

Is é A an pointe $(1, 0)$.

Is é B an pointe $(9, 0)$.

- (i) Scríobh síos comhordanáidí
na bpointí C, D agus E .



- (ii) Faigh fána an rachta $[ED]$.

- (iii) Faigh achar na binne.

- (c) Gabhann an líne k tríd an bpointe $P(3, 2)$.

Tá k ingearach leis an líne l : $2x + 3y = -1$.


- (i) Faigh cothromóid k .

- (ii) Faigh comhordanáidí íomhá P faoi shiméadracht aiseach in l .

3. (a) Sa léaráid, tá $|\angle DBC| = 50^\circ$.



Faigh luach x .



- (b) (i) Má tá dhá shlios de thriantán cothrom le chéile i dtomhas, ansin cruthaigh go bhfuil na huillinneacha atá urchomhaireach leis na sleasa seo cothrom le chéile i dtomhas.


(ii) Tá an triantán ABC comhchosach, agus $|AC| = |BC|$.

Tá an triantán ADC comhchosach freisin,

agus $|AD| = |CD|$.

$|\angle ACB| = 40^\circ$.

Faigh $|\angle DAB|$ agus $|\angle ADB|$.




- (c) Tá AB comhthreomhar le CD . Trasnaíonn BC agus AD a chéile ag an bpointe E .

(i) Cruthaigh gur triantán chomhuilleacha iad ABE agus CDE .


$|AB| = 12 \text{ cm}$, $|BE| = 8 \text{ cm}$ agus $|CD| = 7 \text{ cm}$.

(ii) Faigh $|EC|$, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.




4. (a) Is pointí ar chiorcal iad X , Y agus Z , agus is é C an lárphointe.
 $|\angle YXZ| = 25^\circ$.

Faigh $|\angle XZY|$.



- (b) Cruthaigh go bhfuil tomhas na huillinne ag lárphointe an chiorcail dhá uair níos mó ná tomhas an huillinne ag an imlíne, agus iad ina seasamh ar an stuá céanna.
- (c) Tá trasnáin $[AD]$ agus $[BE]$ ag an gceathairshleasán $ABDE$ agus iad ag trasnú a chéile ag C . Is é C lárphointe $[AD]$ agus $[BE]$ araon.




- (i) Cruthaigh go bhfuil $\triangle ECD$ iomchuí do $\triangle ACB$.
- (ii) Uaidh sin, cruthaigh gur comhthreomharán é $ABDE$.

5. (a) Is triantán dronuilleach é ABC .

$|\angle ACB| = 60^\circ$ agus $|AC| = 10 \text{ cm}$.

- Ríomh fad $[AB]$, ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.



- (b) Sa léaráid is triantán é MNO .


Tá $[OP]$ ingearach le $[MN]$.

$|MP| = 10 \text{ cm}$, $|ON| = 30 \text{ cm}$

agus $|\angle PMO| = 65^\circ$.

Ríomh

- (i) $|OP|$, ceart go dtí ionad deachúlach amháin



- (ii) $|\angle MON|$, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.


- (c) Seolann bád soir díreach ó bhun A an tí solais $[AD]$ atá 30 m ar airde.

Ag an bpointe B is é uillinn íslithe an bháid ó bharr an tí solais ná 68° .

Deich soicind níos déanaí tá an bád ag an bpointe C agus is é uillinn íslithe anois ná 33° .

- (i) Faigh $|BC|$, an fad a thaistil an bád san am seo.

- (ii) Ríomh an meánluas ar a bhfuil an bád ag seoladh idir B agus C . Tabhair do fhreagra ina mhéadair sa soicind, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.



- 6.** (a) Is é meán 7, 2, x , 15 agus 5 ná 9.

Faigh luach x .

- (b) Tá na torthaí a fuair 200 mac léinn i scrúdú, taifeadta sa dáileadh minicíochta grúpáilte seo a leanas.

Marc	0 – 20	20 – 40	40 – 50	50 – 60	60 – 70	70 – 80	80 – 100
Líon na mac léinn	20	36	36	52	30	14	12

[Nóta: ciallaíonn 20 – 40, 20 nó níos mó ach níos lú ná 40, etc.]

- (i) Tarraing tábla minicíochta carnaí.
- (ii) Bain úsáid as do thábla minicíochta carnaí chun rinnstua (óigív) a thógáil.
- (iii) Má fuair 50% de na mic léinn pas, bain úsáid as do rinnstua chun an pasmharc a mheas.
- (c) Rinneadh suirbhé ar 130 duine agus iad ag fágáil siopa chun a fháil amach cé mhéad a chaith siad sa siopa. Tá na torthaí taifeadta sa tábla seo a leanas.

Méid a caitheadh (€)	0 – 20	20 – 30	30 – 40	40 – 50	50 – 100
Líon daoine	60	10	5	25	30

[Nóta: ciallaíonn 20 – 30, 20 nó níos mó ach níos lú ná 30, etc.]

- (i) Tarraing histeagram chun na sonraí sa tábla thusa a léiriú.
- (ii) Agus tú ag glacadh lárluachanna na n-eatramh, ríomh an meánmhéid airgid a caitheadh sa siopa. Bíodh do fhreagra ceart go dtí an euro is gaire.
- (iii) Cad é an líon uasta daoine a bhféadfadh níos lú ná an meán a bheith caite acu?

Leathanach Bán